

Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

Aistear

Téamaí: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid a Dhéanamh, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht
Treoirlínte le haghaidh an Dea-Chleachtais: Foghlaim agus forbairt trí mheán an tSúgartha (lgh. 52-70)

Caighdeáin Síolta

1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3,

6: Súgradh, C6.1, 6.2, 6.3, 6.4, 6.5, 6.6, 6.7

Achoimre Thaighde atá nasctha leis na *Caighdeáin* thuas

An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

Cabhróidh an **Uirlis Féinmheastóireachta** seo leat, mar chleachtóir aonair nó mar bhall d'fhoireann, machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann tú soláthar don fhoghlaim trí mheán an tsúgartha. Déantar plé le roinnt gnéithe soláthair don súgradh sna colúin, *An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid agus Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú*.

1. Tá 3 ghné ag an uirlis seo.

- Tábhacht an tsúgartha do leanaí 3 go 6 bliana d'aois
- Ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha
- Am agus acmhainní le haghaidh an tsúgartha agus gníomhaíocht spráitúil

2. Tá **sraith ráiteas** le gach gné. I ndáil le gach ráiteas, roghnaigh cé acu seo is fearr a léiríonn do chleachtas reatha.

Riamh/go hannamh	Is annamh a dhéanaim é seo.
Uaireanta	Déanaim é seo má chuimhním air/nuair a chuimhním air.
Go Rialta	Déanaim iarracht é seo a dhéanamh chomh minic agus is féidir liom.
Beagnach i gcónaí	Déanaim é seo an chuid is mó den am.

Más mian leat nótaí nó samplaí de do chleachtas a bhreacadh síos maidir le haon cheann de na ráitis, úsáid an bosca atá ann chuige sin.

An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

3. Tá **noda machnaimh** le fáil i ndiaidh gach gné.

Agus do mhachnamh á dhéanamh agat orthu sin, smaoinigh ar do chleachtas – céard a dhéanann tú agus conas a dhéanann tú é. Cabhróidh sé sin leat na gnéithe a oibríonn go maith a aithint mar aon leis na dúshláin a bhaineann le gach gné.

4. Breac síos na hathruithe is mian leat a dhéanamh.

5. Tar éis duit an Uirlis Féinmheastóireachta a úsáid, d'fhéadfadh sé gurbh fhiú duit breathnú ar na leathanaigh, *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas agus Acmhainní le Comhroinnt* ar aistearsiolta.ie

6. Is féidir an Teimpléad Pleanáil Gníomhaíochta sa rannán *Uirlisí Pleanáil Gníomhaíochta* a úsáid chun cabhrú leat pleanáil a dhéanamh d'athruithe sonracha atá beartaithe agat.

Roimh dhul i mbun oibre duit ar an gcolún seo, molaimid duit roinnt oibre a dhéanamh le *Bunchlocha an Churaclaim*.

Ainmneacha na gcleachtóirí

Dáta

LL/MM/BB

Gné 1: Tábhacht an tsúgartha do leanaí 3 go 6 bliana d'aois

Tá an sùgradh ríthábhachtach do leanaí óga. Is breá leo a bheith ag sùgradh, agus bíonn siad ag foghlaim agus ag forbairt scileanna, eolais agus meonta tábhachtacha nuair a bhíonn siad ag sùgradh laistigh agus lasmuigh. Agus iad ag idirghníomhú le daoine agus acmhainní, foghlaimíonn leanaí fúthu féin, faoi dhaoine eile agus faoin saol atá mórthimpeall orthu. Is trí mheán an tsúgartha a thagann siad i dteagmháil le fadhbanna a chaithfidh siad a réiteach, a thagann siad ar smaointe nua agus a fhaigheann siad máistreacht ar scileanna nua. Tá an sùgradh samhlaíoch ag éirí níos tábhachtaí ag an tráth seo agus leanaí ag déanamh aithris ar ghníomhaíochtaí agus ar eachtraí, agus de réir mar a fhaigheann siad tuiscint níos fearr ar an gcaoi a n-oibríonn an saol mór. Cuireann an sùgradh bonn tábhachtach faoin litearthacht, uimhearthacht agus smaointeoireacht theibí. Déanann cleachtóirí foghlaim agus forbairt a chothú trí mheán an tsúgartha ach deiseanna a chur ar fáil do leanaí óga iniúchadh a dhéanamh, a bheith cruthaitheach agus inniúil, agus dúshlán chuí a shárú.

	Léirimid tábhacht an tsúgartha do leanaí óga nuair	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
1	a dhéanaimid eispéiris a phleanáil de réir an eolais agus na tuisceana atá againn ar na leanaí a n-oibrímid leo.					
2	a dhéanaimid cinnte go léiríonn sé aois agus céim forbartha na leanaí. Mar shampla, i seomra ina bhfuil leanaí atá idir 3 agus 5 bliana d'aois, bíonn na deiseanna agus na heispéiris súgartha curtha in oiriúint d'aois agus do chéim forbartha gach linbh aonair.					
3	a dhéanaimid machnamh ar inniúlachtaí agus ábhair spéise na leanaí. Tuigimid go mbíonn coincheapa casta i gceist le sùgradh leanaí uaireanta, mar shampla, spástaisteal, antraipeolaíocht, geolaíocht, breith, talmhaíocht, tógáil.					
4	a thugaimid deiseanna laethúla do leanaí taithí a fháil ar réimse cineálacha súgartha amhail cluichí le rialacha, sùgradh cruthaitheach, teanga, fisiciúil (sùgradh míshlachtmhar agus céadfach san áireamh) agus sùgradh samhlaíoch le tacú lena bhforbairt iomlánaíoch mar atá leagtha amach in aidhmeanna agus cuspóirí foghlama théamaí <i>Aistear</i> .					

Gné 1: Tábhacht an tsúgartha do leanaí 3 go 6 bliana d'aois

	Léirimid tábhacht an tsúgartha do leanaí óga nuair	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
5	a thacaímid le forbairt mheonta amhail fiosracht, buanseasmhacht, neamhspleáchas agus teacht aniar, mar shampla, tríd an méid seo a leanas a rá, <i>coinnigh leis go ceann cúpla nóiméad eile nó arbh fhearr leat é a dhéanamh as do stuaim féin?</i>					
6	a thugaimid deiseanna le scileanna agus eolas a fhorbairt, mar shampla, 'athrú' a fhiosrú, smaointe a chur in iúl le siombailí, tuar, roghanna sláintiúla a dhéanamh.					
7	a choinnímid na grúpaí beag (4-6) le gur féidir leis na leanaí rudaí a fhoghlaim óna chéile agus le cur ar ár gcumas tacú go héifeachtach leis an súgradh.					
8	a thugaimid deiseanna súgartha dóibh, faoi threoir na leanaí, ionas gur féidir leo rudaí a dhéanamh arís is arís eile agus a chleachtadh agus máistreacht a fháil orthu.					
9	a mholaimid dúshláin spráíúla a mheallfaidh leanaí, mar shampla, <i>an féidir leat túr cruinn a thógáil leis na cupáin chairtchláir?</i>					
10	a chuirimid ar chumas leanaí óga rioscaí a mheas agus a ghlacadh agus dúshláin a shárú, mar shampla, trí dheiseanna a thabhairt dóibh fíorchasúr a úsáid.					
11	a dhéanaimid freastal ar leanaí ar deacair dóibh a bheith ag súgradh trí shúgradh a dhéanamh leo, tuiscint a léiriú ar a gcuid riachtanas agus acmhainní agus tacaí súgartha cuí a chur ar fáil dóibh.					

Gné 1: Tábhacht an tsúgartha do leanaí 3 go 6 bliana d'aois

Noda Machnaimh

- Smaoinigh ar rudaí atá **ag oibriú go maith** maidir le deiseanna súgartha a chur ar fáil do leanaí 3 go 6 bliana d'aois.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí romhat le deiseanna súgartha a chur ar fáil do leanaí 3 go 6 bliana d'aois.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanáil Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.

Ainmneacha na gcleachtóirí

Dáta

LL/MM/BB

Gné 2: Ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha

Tá ról ríthábhachtach ag an gcleachtóir ag cabhrú le ceart leanaí óga chun súgradh agus ag cinntiú gur féidir leo foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha. Tugann siad eispéiris oiriúnacha, thaitneamhacha do na leanaí agus spreagann siad iad chun dúshlán a chur orthu féin. Duine spráúil is ea an cleachtóir, a bhaineann sult as a bheith i gcomhlúadar na leanaí agus a thuigeann a gcuid riachtanas agus mothúchán, agus na rudaí a bhfuil spéis acu iontu. Cruthaíonn siad timpeallacht spráúil, leanann sampla na leanaí, labhraíonn leo agus tugann cluas dóibh, tacaíonn siad le meonta amhail fiosracht, buanseasmhacht agus neamhspleáchas, agus cuireann frapaí agus acmhainní ar fáil le heispéiris a shaibhriú. Coinníonn an cleachtóir súil ar shúgradh na leanaí agus déanann siad measúnú ar an súgradh chomh maith lena fháil amach cén fhoghlaim atá ag titim amach agus leis na chéad chéimeanna eile a phleanáil. Ar an gcaoi sin, tá ról lárnach ag an gcleachtóir ag tacú le dul chun cinn i bhfoghlaim agus i bhforbairt leanaí trí mheán an tsúgartha.

	Agus ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha, á mheas	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
1	déanaimid cinnte go mbíonn go leor daoine fásta sa seomra le tacú le heispéiris súgartha ar dhea-chaighdeán a chur ar fáil do na leanaí uile. Beidh i gceist leis sin i roinnt cásanna níos mó daoine fásta a bheith ann ná an líon a éilítear le híoschaighdeán na Rialúchán Réamhscolaíochta (2006).					
2	déanaimid cinnte go dtugtar deiseanna do leanaí a bheith ag súgradh leo féin, le daoine fásta, le grúpaí beaga leanaí atá ar comhaois leo agus le leanaí nach bhfuil ar comhaois leo, deartháireacha agus deirfiúracha ina measc.					
3	cuirimid bunáit shlán ar fáil ónar féidir le leanaí óga súgradh agus taiscéaladh, laistigh agus lasmuigh.					
4	spreagaimid eispéiris súgartha atá dúshlánach, cuimsitheach, slán sábháilte agus taitneamhach taobh amuigh agus taobh istigh.					
5	cuirimid am isteach le linn na tréimhse socrú isteach , le heolas a chur ar na rudaí is maith leis na leanaí óga agus nach maith leo ó thaobh an tsúgartha de agus tugaimid am dóibh aithne a chur ar na leanaí eile agus orainne agus eolas a chur ar na deiseanna súgartha sa timpeallacht freisin.					

Gné 2: Ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha

	Agus ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha, á mheas	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
6	déanaimid pleanáil le haghaidh an tsúgartha laistigh agus lasmuigh, cuirimid acmhainní ar fáil dó, tacaímid leis agus déanaimid athbhreithniú air agus déanaimid cinnte go mbíimid ag tacú le forbairt iomlánaíoch na leanaí bunaithe ar fhaisnéis mheasúnaithe agus ar aidhmeanna agus cuspóirí foghlama théamaí <i>Aistear</i> .					
7	dírímid ar phróiseas an tsúgartha . Mar shampla, sa chistin láibe, déanaimid machnamh ar a bhfuil na leanaí ag foghlaim faoin eolaíocht, faoin matamaitic agus faoin teanga seachas brú a chur orthu pióga láibe a dhéanamh.					
8	imrímid leis na leanaí siúd atá nua sa ghrúpa nó leo siúd ar deacair acu a bheith ag súgradh agus cabhraímid leo dul isteach sa súgradh agus nascadh le leanaí eile. Tugaimid lámh chúnta dóibh scileanna súgartha a fhorbairt agus díriú isteach ar a bhfuil á dhéanamh ag leanaí eile. Tugaimid smaointe dóibh, mar shampla, <i>tá na leanaí ar an mbus... d'fhéadfaimis ár lámh a chur amach lena stopadh</i> .					
9	glacaimid páirt i súgradh na leanaí nuair a iarrann siad orainn agus nuair is cuí, agus leanaimid a sampla . Déanaimid foghlaim na leanaí a éascú agus a leathnú ach leideanna a thabhairt, ceisteanna a chur agus smaoinemh os ard in éineacht leo agus iad ag súgradh, ach gan dul i gceannas air.					
10	breathnaímid ar shúgradh na leanaí agus déanaimid pointí tábhachtacha a dhóiciméadú le nótaí, grianghraif agus gearrthóga físe, agus bainimid úsáid astu sin le tacú leis an bhfoghlaim agus le cur léi. Úsáidimid a bhfoghlaimimid le cabhrú le leanaí a gcuid foghlama féina a aithint agus le haiseolas a thabhairt ar na meonta, scileanna agus eolas atá acu le go dtuigfidh siad go bhfuil siad inniúil , mar shampla, <i>Chonaic mé an chaoi ar chabhraigh tú le Elaine an túr a thógáil</i> .					
11	spreagaimid na leanaí chun aighnis a réiteach as a stuaim féin agus tugaimid straitéisí réiteach coinbhleachta dóibh mar thacaíocht nuair atá treoir uathu. Bímid in aice láimhe agus cabhraímid d'fhonn achrainn a laghdú , mar shampla, trí na rialacha sealáíochta a leagan amach go soiléir agus trína chinntiú go mbíonn a dhóthain ábhar ar fáil. Déanaimid idirghníomhaíochtaí dearfacha agus straitéisí réiteach fadhbanna a léiriú .					

Gné 2: Ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha

	Agus ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha, á mheas	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
12	cuirimid na leanaí ar an eolas faoi dhaoine agus áiteanna eile sa suíomh agus sa phobal , amhail leanaí agus baill foirne a bhíonn i seomraí eile, nó tugaimid cuairt ar an bpáirc áitiúil, ar an tréidlia, nó ar an bpostoifig.					
13	déanaimid forbairt ar na nithe siúd a bhfeicimid na leanaí ag léiriú spéise iontu agus iad ag súgradh trí bhreathnú ar leabhair, ar an Idirlíon, frapaí nua a thabhairt isteach, agus iarraidh ar aoi cuairt a thabhairt ar an suíomh.					
14	imrímid cluichí le huirlisí ceoil agus le rudaí eile a dhéanann fuaimeanna, d'fhonn tacú le scileanna éisteachta a fhorbairt. Damhsáimid agus deirimid a lán amhrán agus rímeanna lena chur ar chumas na leanaí ceol, rithim agus fuaimeanna a fhiosrú.					
15	tugaimid tacaíocht d'fhorbairt teanga trí <ul style="list-style-type: none"> • scéalta a léamh agus a insint agus trí na leanaí a spreagadh chun a scéalta féin a insint • scéalta a athchruthú le grianghraif agus frapaí ionas gur féidir le leanaí a gcuid foghlama a shíneadh • comhráite a bheith againn a chuimsíonn tráchtanna agus ceisteanna ceannoscailte • cluichí teanga a imirt • focail nua a thabhairt isteach • rímeanna a rá • puipeid a úsáid • cluichí ainmnithe a imirt. 					
16	tugaimid cúnamh do leanaí óga mothúcháin a thuiscint agus a ainmniú tríd an súgradh, mar shampla, trí phuipeid a úsáid, labhairt faoi phictiúir agus eispéiris, leabhair a léamh agus scéalta a insint a dhéanann cur síos ar mhothúcháin.					

Gné 2: Ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha

	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
<p>17</p> <p>tacaímid leis an luathlitearthacht sa súgradh trí</p> <ul style="list-style-type: none"> • dheiseanna déanta marcanna a chur ar fáil taobh amuigh agus taobh istigh • ábhair litearthacht-bhunaithe a chur le limistéir shúgartha, amhail páipéar, pinn, marcóirí, leabhair agus póstaer, mar shampla, le tacú le leanaí foirgnimh a thógáil sa limistéar tógála, biachláir a chur le chéile do chaifé, nó comharthaí bóthair a dhéanamh don mhótarbhealach i limistéar an domhain bhig • na limistéir shúgartha a lipéadú • na leanaí a spreagadh chun leabhair dá gcuid féin a chur le chéile • cleachtais litearthachta a léiriú – nótaí a scríobh, aird a dhíriú ar fhocail in áiteanna éagsúla. 					
<p>18</p> <p>tacaímid leis an luathuimhearthacht sa súgradh trí</p> <ul style="list-style-type: none"> • dheiseanna do leanaí a chur san áireamh le gur féidir leo rudá a mheaitseáil, a chur i gcomparáid lena chéile, a chur in ord, a chomhaireamh, a sheicéamhú agus breathnú ar choincheapa amhail méid, meáchan, airde, cruth, fad agus toilleadh. • úsáid a bhaint as friotal matamaiticiúil, mar shampla, nuair a chuireann leanaí méid bloc i gcomparáid lena chéile agus iad ag tógáil caisleáin. • ábhair a bhaineann leis an uimhearthacht a chur le háiteanna súgartha, amhail cloig, cineálacha éagsúla uimhreacha — adhmaid, greanpháipéar, cruthanna, patrúin, airgead, gutháin, miosúir agus rialóirí, féilirí, mar shampla, le tacú le leanaí comhábhair a thomhas amach le harán a bhácáil don bhácús, am na chéad traenach eile a sheiceáil, nó na huimhreacha cearta a chur isteach ar an nguthán le fios a chur ar an dochtúir. • cleachtais uimhearthachta a léiriú – an t-am a sheiceáil, rudá a chomhaireamh, comhábhair a thomhas nó patrún a shíneadh. 					
<p>19</p> <p>spreagaimid súgradh samhlaíoch trí fhrapaí a chur leis d'fhonn cabhrú le leanaí óga aithris a dhéanamh ar dhaoine agus an ar an saol mórtimpeall orthu agus foghlaim fúthu.</p>					

Gné 2: Ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha

	Agus ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha, á mheas	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
20	glacaimid ról i súgradh agus déanaimid iad a léiriú ionas gur féidir linn cabhrú le leanaí a gcásanna súgartha a nascadh le chéile agus a fhorbairt. Mar shampla, sa bhialann lorgaimid an biachlár, roghnaímid bia, fiosraímid an scéal faoi chomhábhair, iarraimid an bille agus fágaimid séisín. Úsáidimid na deiseanna sin le smaointe a thabhairt do na leanaí, cur leis an eolas atá acu ar ról agus focail nua a thabhairt isteach.					
21	cinntimid go mbíonn neart deiseanna ag leanaí páirt a ghlacadh i súgradh fisiciúil (lena n-áirítear súgradh céadfach agus míshlachtmhar) agus i súgradh cruthaitheach le hábhair amhail gaineamh, péint, taos súgartha, cré.					
22	tugaimid a lán deiseanna le scileanna mórluailéacha agus mínlúailéacha a fhorbairt – reathaíocht, dreapadóireacht, luascadh, chomh maith le lámha a úsáid le rudaí a láimhsiú agus a phiocadh suas agus le foghlaim conas greim a bhreith ar chriáin/phinn luaidhe mhóra.					
23	spreagaimid na leanaí le roinnt mhaith cluichí a bhfuil rialacha ag gabháil leo a imirt, amhail cluichí boird agus cláir, ach cluichí dá gcuid féin a bhfuil rialacha ag gabháil leo freisin, mar shampla, ní mór duit cnag a bhualadh ar an doras roimh theacht isteach sa limistéar baile.					
24	tugaimid a ndúshlán le cabhrú lena ndul chun cinn ó thaobh na foghlama agus na forbartha de, mar shampla, trí dheiseanna a thabhairt dóibh rampaí níos sofaisticiúla a chur le chéile, cur le gníomhaíochtaí ealaíne ach scuaba ar mhéideanna difriúla agus ábhair éagsúla a úsáid, nó acmhainní a chur ar fáil le struchtúir 3T níos casta a thógáil.					
25	cinntimid gur féidir leis na leanaí uile gach cineál súgartha a rochtain agus téimid i ngleic leis an steiréitíopáil inscne nuair a fheicimid í, mar shampla, nuair a deir duine éigin nach féidir le buachaillí a bheith ina n-altraí nó nach féidir le cailíní a bheith ina bpiolótaí.					
26	spreagaimid na leanaí le machnamh a dhéanamh ar a gcuid súgartha le gur féidir leo brí nua a bhaint as a gcuid eispéireas. Labhraímid faoina ndearna siad, faoinar tharla agus faoin gcúis ar tharla sé sin.					

Gné 2: Ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha

	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
<p>27 bainimid ciall as a bhfeicimid agus as a gcloisimid i súgradh leanaí óga, fiafraímid díobh faoin méid sin, agus comhroinnimid na sonraí sin leo, lena dtuismitheoirí agus le comhghleacaithe.</p>					
<p>28 bainimid úsáid as eolas a fhaighimid ón súgradh le bonn eolais a chur faoinár bpleanáil churaclaim.</p>					

Gné 2: Ról an chleachtóra ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí mheán an tsúgartha

Noda machnaimh

- Smaoinigh ar rudaí atá **ag oibriú go maith** maidir le do ról ag tacú le foghlaim agus le forbairt trí mheán an tsúgartha.
- Smaoinigh ar na **dúshláin** a bhí romhat agus tú ag tacú le foghlaim agus le forbairt trí mheán an tsúgartha.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanáil Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.

Ainmneacha na gcleachtóirí

Dáta

LL/MM/BB

Gné 3: Am agus acmhainní le haghaidh an tsúgartha agus gníomhaíocht spráúil

Tá sé tábhachtach do leanaí óga go gcuirtear a dhóthain ama i leataobh agus go gcuirtear réimse leathan acmhainní, lena n-áirítear ábhair cheannoscailte, ar fáil don sùgradh agus don ghníomhaíocht spráúil. Teastaíonn tacaíocht uathu a leanann ar aghaidh, am agus cúram ceanúil ó chleachtóirí, ó leanaí níos sine agus ó chomhpháirtithe níos cumasaí le foghlaim chun sùgradh a dhéanamh le chéile agus le tacú lena gcuid foghlama agus forbartha. Cruthaíonn an cleachtóir gnáthaimh laethúla atá suaimhneach, agus a ligeann do leanaí óga socrú isteach ina gcuid súgartha agus taitneamh a bhaint as. Tá neart ama ann le hiniúchadh iomlán a dhéanamh ar na hacmhainní agus lena ríméad a chur in iúl do leanaí eile agus do chleachtóirí tacúla.

	Agus am agus acmhainní á gcur ar fáil le haghaidh an tsúgartha agus gníomhaíocht spráúil,	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
1	cinntimid go mbíonn na tréimhsí aistrithe , amhail amanna teachta agus imeachta agus gnáthaimh chúraim , amhail leanaí a thabhairt chuig an leithreas, amanna scíthe agus aistrithe ó chuid amháin den lá go dtí an chéad chuid eile, spráúil ach rudaí a thógáil go deas réidh, cluichí a imirt agus spraoi a bheith againn le chéile. Bíonn amanna beathaithe agus béilí spráúil chomh maith.					
2	cinntimid go mbíonn a dhóthain ama curtha i leataobh don sùgradh sa ghnáthamh laethúil, tráth ar féidir le leanaí óga éirí iomlán gafa leis an sùgradh, taobh istigh agus taobh amuigh . <ul style="list-style-type: none"> Bíonn seisiún amháin ar a laghad, a mhaireann idir uair an chloig agus uair go leith gach lá, ag leanaí atá i gcúram lae seisiúnach/páirtaimseartha le haghaidh an tsaorshúgartha. Caitear méid suntasach ama taobh amuigh faoin aer ag sùgradh chomh maith. Bíonn dhá sheisiún ar a laghad, a mhaireann idir uair an chloig agus uair go leith gach lá, ag leanaí atá i gcúram lae lánaimseartha le haghaidh an tsaorshúgartha. Caitear méid suntasach ama taobh amuigh faoin aer ag sùgradh chomh maith. 					
3	cinntimid go mbíonn a ndóthain ama ag leanaí óga mar a thograíonn siad féin le sùgradh a dhéanamh leo féin, le leanaí eile agus le cleachtóirí , agus ar feadh tréimhsí fada.					
4	cinntimid go mbíonn roinnt mhaith deiseanna ag leanaí i rith an lae le rudaí a fhiosrú ar a luas féin agus lena n-ábhair spéise féin a leanúint, taobh istigh agus taobh amuigh.					
5	tacaímid leis na leanaí ar fad trí mhachnamh a dhéanamh ar a gcultúir, a gcúlraí agus a dteangacha baile sa suíomh , mar shampla, bíonn íomhánna agus míreanna againn ón mbaile, lena n-áirítear frapaí feistis agus gléasanna.					

Gné 3: Am agus acmhainní le haghaidh an tsúgartha agus gníomhaíocht spráúil

Agus am agus acmhainní á gcur ar fáil le haghaidh an tsúgartha agus gníomhaíocht spráúil,	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
6 cuirimid ar fáil réimse frapaí agus acmhainní le tacú leis an súgradh cruthaitheach , taobh istigh agus taobh amuigh.					
7 cuirimid ar fáil réimse frapaí agus acmhainní le tacú le cluichí le rialacha , taobh istigh agus taobh amuigh.					
8 cuirimid ar fáil réimse frapaí agus acmhainní le tacú leis an súgradh teanga , taobh istigh agus taobh amuigh.					
9 cuirimid ar fáil réimse frapaí agus acmhainní le tacú leis an súgradh fisiciúil , súgradh míshlachtmhar agus céadfach san áireamh, taobh istigh agus taobh amuigh.					
10 cuirimid ar fáil réimse frapaí agus acmhainní le tacú leis an súgradh samhlaíoch , taobh istigh agus taobh amuigh.					
11 cinntimid go bhfuil tuiscint ag na leanaí ar an bpríobháideachas agus iad ag súgradh, agus coinnimid súil orthu gan cur isteach orthu. Bíonn fáil éasca ar ábhair le pluaiséanna agus folacháin a thógáil.					

Gné 3: Am agus acmhainní le haghaidh an tsúgartha agus gníomhaíocht spráúil

	Agus am agus acmhainní á gcur ar fáil le haghaidh an tsúgartha agus gníomhaíocht spráúil,	Riamh/go hannamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gcónaí	Nótaí / Samplaí
12	cinntimid gur féidir le leanaí óga acmhainní a roghnú , lena n-áirítear ábhair cheannoscailte, amhail bloic, boscaí agus ábhair ealaíne, le rudaí a fhiosrú agus le bheith cruthaitheach, agus spreagaimid iad chun iad sin a úsáid ar a rogha bealaigh.					
13	cuirimid réimse acmhainní ar fáil le tacú leis an litearthacht agus an uimhearthacht sa súgradh , mar shampla, pinn luaidhe, criáin, páipéar ar mhéideanna agus i ndathanna éagsúla, leabhair oideas, gutháin, scanóirí, airgead bréige, crúiscíní tomhais, miosúir, fáisc-chláir, leabhair agus irisí.					
14	cuirimid ar chumas na leanaí acmhainní dá gcuid súgartha a aimsiú, a úsáid agus a chur ar ais sa timpeallacht					
15	déanaimid athbhreithniú ar an timpeallacht ar bhonn leanúnach lena chinntiú go gcuirimid in oiriúint í le dúshlán leanúnach a chur roimh na leanaí a chinntiú a ndul chun cinn de réir mar a fhaigheann siad máistreacht ar scileanna agus ar choincheapa. Mar shampla, cuirimid acmhainní ar fáil le cruthú patrún casta a spreagadh nó tugaimid frapa nua isteach don súgradh samhlaíoch, amhail bróisiúr taistil agus cás.					

Gné 3: Am agus acmhainní le haghaidh an tsúgartha agus gníomhaíocht spraíúil

Noda machnaimh

- Smaoinigh ar rudaí atá **ag oibriú go maith** maidir le ham agus acmhainní a sholáthar le haghaidh an tsúgartha agus gníomhaíocht spraíúil.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí romhat le ham agus acmhainní a chur ar fáil don sùgradh agus gníomhaíocht spraíúil.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas agus Uirlisí Pleanáil Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.